

TÁ A BEALACH FÉIN AGUS TUILLEADH ÍOCTHA AG ÉIRINN SAN EORAIP

Ó chuaigh Éire isteach sa Chómhargadh, 'déanaimid amach go bhfuil luach suas le €200 d'iasc gafa ag árthaí ó Mhór-Roinn na hEorpa sna huiscí seo againne' (Ebbie Sheehan, Eagraíocht Iascairí na hÉireann). Má chuirtear próiseáil éisc san áireamh, is ionann sin agus luach €600 billiún d'iasc - is mó faoi 10 é sin ná na €60 billiún atá faighte ag Éirinn ón mBruiséil.

LAGHDÚ MILLTEACH AR CHUMHACHT NA hÉIREANN

Dhúblódh Conradh Liospóin cumhacht vótála Stáit Mhóra an AE (an Ghearmáin, an Ríocht Aontaithe, an Pholainn, an Fhrainc agus an Iodáil), agus laghdódh go dtí a leath agus tuilleadh cumhacht vótála na hÉireann. Laghdódh sé go millteach ar an gcumhacht seo againne ar an AE, agus is tubaiste a bheadh ann don gheilleagar againn glacadh leis.



SMACHT AR NA hACMHAINNÍ NÁDÚRTHA AGAINN:

- Na cearta iascaigh againn a fháil ar ais agus na jabanna agus an t-ioncam go léir dá mbarr.
- An cúltaca gáis agus ola againn a shaothrú ar mhaithe leis an ngnáthmhuintir. Tír rafar a dhéanamh d'Éirinn dála na hIorua.
- Stop a chur leis an gcosc dlí ar mhóin a bhaint ag baile - tá portaigh na hÉireann á gcaomhnú ag na daoine leis na céadta bliain.

ACHOIMRE AR CHONRADH LIOSPÓIN:

- Bunreacht is ea é le haghaidh Stáit Fheidearálaigh Eorpaigh.
- Chruthódh sé post Uachtaráin ar an AE, post Aire Gnóthaí Eachtracha ar an AE, Beartas Eachtrach ag an AE, agus post Ionchúisitheora Phoiblí ag an AE.
- Chuirfeadh le cumhacht mhíleata an AE.
- Thabharfadh ar Éirinn cur leis an gcaitechas ar chúrsaí míleata.
- Thabharfadh ról mór foirmiúil do thionscal na n-arm san AE.
- Tá ann na polasaithe loicthe eacnamaíochta faoi deara an ghéarchéim dhomhanda.
- Chiallódh sé go mbeadh tosaíocht ag dlíthe an AE ar Bhunreacht na hÉireann agus ar Dhlíthe na hÉireann.
- Thabharfadh seasamh do na breithiúnais ag Cúirt Bhreithiúnas an Aontais Eorpaigh a laghdódh ar phá luchta oibre agus a chuirfeadh in olcas a gcuid coinníollacha oibre.
- Thabharfadh cumhacht do na Stáit Mhóra: dhúblódh cumhacht vótála na Gearmáine, na Fraince, agus na Breataine.
- Laghdódh go dtí a leath ar chumhacht vótála na hÉireann, agus dhéanfadh imreoir beag ar an imeall dinn.
- Chuirfeadh deireadh leis an gcumhacht crosta againn ar 60 réimse polasaí.
- Conradh féinleasaitheach atá ann - d'athrófaí gan ár gceadna é.
- D'fháilteodh roimh chánacha nua agus roimh chomhchuíbhíú cánacha ar fud an AE.
- Tá polasaithe eacnamaíochta ann a mbeadh an Domhan i mBéal Forbairt thíos leo.
- Dhéanfadh príobháidiú go forleathan ar sheirbhísí riachtanacha sóisialta.

Ní hé Bunreacht na hEorpa atá uainn, ach Bunreacht na hÉireann a chosaint!

VÓTÁIL NÍL

CONRADH LIOSPÓIN VÓTÁIL 'NÍL' LEIS



CAD CHUIGE É A CHUR AR VÓTA ARÍS?

53% díobh siúd a vótáil i Meitheamh 2008 a dhiúltaigh do Chonradh Liospóin - sin móramh níos mó ná a thogh Obama ina Uachtarán ar na Stáit Aontaithe.

Cad chuide a bhfuil an Rialtas ag diomailt na milliún Euro ag iarraidh cinneadh soiléir daonlathach a chur ar ceal?

Tá an diomailt sin ar siúl agus gearrthaí éagóra á mbeartú ar réimsí an oideachais, na sláinte, agus an leasa shóisialaigh.

**PEOPLE'S MOVEMENT
GLUAISEACHT AN PHOBAIL**
www.people.ie

TÁ SPRIODHÁTA DÍOLA AN CHONARTHA CAITE

‘9 mbliana d’aois atá Conradh Liospóin agus é as dáta, agus na polasaithe eacnamaíochta ann, is iad a thug an meathlú domhanda atá anois ann’ - Patricia McKenna, iar-Fheisire Eorpach.

An fáinne fí de pholaiteoirí, de bhaincírí, agus d’fhorbróirí, faoi deara géarchéim an gheilleagair, tá siad ag súil anois leis gur sinne a dhíolfaidh as a gcuid tuaiplisí. Is measa fós a bheidh cúrsaí an gheilleagair, má dhiúltaímid don Chonradh athuair, a deir siad. Ach is miste agus ní fearrde cúrsaí an gheilleagair Conradh Liospóin.

An toradh ar Chonradh Liospóin:

- Níos lú rialála ar na bainc. Ní bheadh smacht ar bith againne ar na rátaí úis. (Airteagal 63, Airteagal 120, Airteagal 127, Airteagal 206).

Ní cheadódh Conradh Liospóin don stát cabhair a thabhairt i gcúrsaí fostaíochta:

- An cúnaimh a theastaíonn go géar i gcúrsaí tionsclaíochta áitiúla, talmhaíochta agus iascaigh, bheadh sé mídhleathach faoi Chonradh Liospóin. (Airteagal 126, Airteagal 127).

Ionsaí atá i gConradh Liospóin ar na Seirbhísí Poiblí:

- Ar bhonn iomaíochta idir chuideachtaí príobháideacha a riarfaí seirbhísí poiblí (e.g. cúrsaí sláinte agus oideachais). (Airteagal 106, Airteagal 107).

Bagairt cánacha i gConradh Liospóin:

- Cáin bhreisluacha a ghearradh ar Sheirbhísí Poiblí; cánacha AE a chruthú (Airt. 311); Rialacha Cánachais na hÉireann a dhéanamh mídhleathach (Airt. 113 agus Prótacal 27); agus chuirfí comhchuibhíú na cánach corparáide siar go dtí tar éis an reifrinn.

Aon Uachtarán Amháin ar an AE
Aon Aire Gnóthaí Eachtracha Amháin
Aon Bheartas Eachtrach Amháin ag an AE
Aon Ghuth Amháin ag an AE in Eagraíocht
na Náisiún Aontaithe
= Aon Arm Amháin ag an AE?

MÍLEATÚ AN AE

Tá clásail i dtaobh cúrsaí míleata ar fud Chonradh Liospóin (Na hAirteagail 21-55; 326-334 agus Prótacal 10). Ach níl ach 3 airteagal ar an gcomhshaol (Na hAirteagail 191-193).

- Thabharfadh Conradh Liospóin cumhacht ollmhór do thionscal na n-arm ar chúrsaí an AE tríd an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint. Thabharfadh sé orainn ‘[ár] gcumais mhíleata a fheabhsú go comhleánúnach’ [Airt. 42.3]. Ní chuirtear coinníoll ar bith mar sin le cúram sláinte ná le cruthú fostaíochta!
- Cheanglódh Conradh Liospóin d’Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh [d’ECAT] sinn: ‘ról níos teanntásaí ag an Aontas i gcúrsaí slándála agus cosanta le beogacht Comhghuaillíochta Atlantaí athnuaithe’ (ECAT) (Prótacal 10). Tá ‘clásal comhchosanta’ i gConradh Liospóin. Ní bheadh rogha dhiúltaíthe ag Éirinn. (Airt. 42.7) Agus tuarann sé sinne a bheith ag ‘tacú le tríú tíortha chun an sceimhlitheoireacht achomhrac ar a gcríocha’ (Airt. 43) - agus tharlódh dá dheasca sin go dtarraingeofaí isteach sinn i gcogadh san Afganastáin, mar shampla!

“RÁTHAÍOCHTAÍ” NACH FIÚ RUD AR BITH IAD

‘.. níor cuireadh athrú ar bith ar Chonradh Liospóin, agus ní bheadh sé díreach a mhálairt a áitiú’ - Lucinda Creighton, Urlabhraí Fhine Gael ar Chúrsaí na hEorpa, Díospóireacht Dála ar Chonradh Liospóin, Iúil 8, 2009.

IONSAÍ AR PHÁ AGUS AR CHOINNÍOLLACHA OIBRITHE

‘Tá sé réasúnta soiléir ag an gCúirt, mura bhfuil sé soiléir ar fad ... go dtarlódh sé go mbainfeadh convaitheoirí ó Bhallstáit eile leas as an tsaoire a bheadh acu seirbhísí a sholáthar faoi Chonradh an Chomhphobail Eorpaigh ar na rátaí agus ar na coinníollacha fostaíochta a chuirtear leo as tír arb as iad féin’ - An Chúirt Oibreachais, Baile Átha Cliath 2009.

Níl an Chúirt Oibreachais ach ag insint lomchlár na fírinne. Is measa iad pá agus coinníollacha de dheasca na mbreithiúnas ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Tharlódh dúinne a bheith ag broic go díreach le rátaí níos measa agus le coinníollacha níos measa a chuirfeadh cuideachtaí ó thar lear siar orainn.

AN DARA REIFREANN - IONSAÍ AR AN DAONLATHAS

‘Is é mo thuairimse go raibh a fhios go dianmhaith ag polaiteoirí uile na hEorpa dá gcuirfí scéal mar é ar reifreann faoi bhráid a gcuid vótálaithe féin gurbh é ‘Níl’ an freagra a thabharfaí air in 95% de na tíortha chomh maith’ - An Coimisinéir Eorpach Cathal Mag Riabhaigh.

‘NÍL’ a vótáil na Francaigh agus na hOllannaigh le Bunreacht an Aontais Eorpaigh. Chuir an Bhruiséil amach arís é faoin teideal ‘Conradh Liospóin’. A bhuíochas ar an mBunreacht againn féin, is ag Éirinn amháin a bhí cead Conradh Liospóin a chur ar vóta. Ach níorbh é ‘NÍL’ an freagra ceart. Agus dá réir sin caithfidimid é a chur ar vóta arís. Ní daonlathas é sin.

**PEOPLE’S MOVEMENT
GLUAISEACHT AN PHOBAIL**

107 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1

www.people.ie

An fón: (087) 230 8330,

An ríomhphost: post@people.ie